



GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 28.07.2020	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023	*Leagan Béarla ar lch. 2 / English summary on pg 2.
--	--	--

Spraoi an tSamhraidh 2020: Imeachtaí don Óige i nGaeltacht Iorrais

Tá Gaeilge Iorrais ag tacú le sraith imeachtaí trí Ghaeilge a chur ar fáil d'óige na Gaeltachta seo mar chuid de scéim phiólótach úrnua. I measc na n-imeachtaí a reáchtálfar i mí Lúnasa tá, laethanta spraoi i gColáiste UISCE, campa samhraidh faoi leith do pháistí na mbunscoileanna Gaeltachta seo in Áras Inis Gluaire agus gníomhaíochtaí eachtraíochta do dhéagóirí le Gaeilge in UISCE. Tabharfar deiseanna agus spreagadh d'aos óg an cheantair chun an Ghaeilge a úsáid trí mheán an spóirt agus an spraoi agus i gcomhluadar pháistí eile na Gaeltachta seo. Tá mar sprioc ag Gaeilge Iorrais borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i measc na ndaoine óga seo agus deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil dóibh. Beidh na himeachtaí seo saor in aisce ach tá spásanna teoranta agus caithfear clárú roimh ré. Moltar dul i dteagmháil le hÁras Inis Gluaire (097 – 81079) maidir leis an gcampa samhraidh a bheidh ar siúl ó Luan go hAoine (17 - 21 Lúnasa). Is féidir clárú do laethanta spraoi i gColáiste UISCE ag www.tinyurl.com/oige2020 Coinnigh súil ar leathanach Facebook Gaeilge Iorrais don nuacht is déanaí maidir leis na himeachtaí seo.

Tá roinnt imeachtaí eile á reáchtáil ag Gaeilge Iorrais do theaghlaigh i gcaitheamh an ama seo, i gcomhar leis na hoifigigh pleanála teanga eile agus Tuismitheoirí na Gaeltacha. Tá Maratón na dTeaghlach (42km) déanta ag breis agus 25 duine (as 15 teaghlach éagsúil) go dtí seo i nGaeltacht Iorrais. Tá thart ar 20 duine eile á chríochnú an tseachtain seo. Comhghairdeas ó chroí leo go léir. Bronnfar teastas agus húdaí ar gach duine a chríochnaíonn an dúshlán aclaíochta seo. Lena chois sin, tá #TóraíochtTaisce don Teaghlach faoi lán-seoil. Tugann an imeacht seo deis agus spreagadh do thuismitheoirí dul ag spaisteoireacht lena gcuid páistí cois trá nó cois locha, ar phortach nó sliabh, i gcoill nó i ngleann nó ag láthair oidhreacha. Tá an bhileog tóraíochta le fáil ag <https://forms.gle/fhEUsWwyPRGEKuqw7>. Is féidir 4 thóraíocht éagsúil a dhéanamh idir seo agus 16 Lúnasa 2020. Cuirfear teaghlaigh a chuireann 3 bhileog tóraíochta go eolas@tuismitheoiri.ie i gcrannchur do bheart leabhrán *Eolaí Póca* ar an dúlra.



Spraoi an tSamhraidh 2020: Imeachtaí don Óige i nGaeltacht Iorrais

Gaeilge Iorrais is organising a series of Irish language activities for young people living in the North Mayo Gaeltacht area as part of a new pilot scheme. Fun-filled activities *as Gaeilge* which are planned for August include *laethanta spraoi* in Coláiste UISCE, an all-Irish summer camp for children attending Gaeltacht scheme schools in Erris and adventure activities for teenagers undertaking some or all of their education *as Gaeilge*.

Laoise Ní Dhúda, Gaeilge Iorrais, outlined the overall aim of these activities; 'we hope to create opportunities and incentives for local young people to practice and use their Irish in an enjoyable social setting and to increase Irish language use among these young people over time.'

All these events will be free of charge but spaces are limited, based on an Irish language policy and you must register in advance. Please contact Áras Inis Gluaire directly (097 – 81079) about the all-Irish summer camp for children attending Gaeltacht scheme schools in Erris which takes place from Monday 17 – Friday 21 August. You can provisionally register for Coláiste UISCE at www.tinyurl.com/oige2020. Keep an eye on the Gaeilge Iorrais Facebook page for further updates about these activities.

Gaeilge Iorrais is running other events for households over the summer as part of a series of all-Gaeltacht initiatives in partnership with language planning officers and Tuismitheoirí na Gaeltachta. Over 25 people from 15 different families have recently completed *Maratón na dTeaghlach* in the North Mayo Gaeltacht which involved walking or running a distance of 42km over four weeks. A further 20 people are due to complete this exercise challenge by Friday. Every person that completes this challenge in Erris will be presented with a certificate and *Maratón* hoody for their endeavours. Bualadh bos mór dóibh go léir. #TóraíochtTaisce don Teaghlach is also ongoing at the moment, an Irish language treasure hunt with a difference, to encourage parents and children to discover the hidden gems in their area. Further info is available at <https://forms.gle/fhEUsWwyPRGEKuqw7>.